

# FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,

Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: [leabhar@nuacht.com](mailto:leabhar@nuacht.com)

## Easnamhach an rogha

Aindrias Ó Cathasaigh

Ag amharc ar chlúdaigh an leabhair seo, cheapfá gur staidéar le Regina Uí Chollatáin ar iriseoireacht na Gaeilge atá ann. Ní hea, áfach, ach cnuasach de shaothair iriseoireachta.

Ní hionann díolaimeoir is údar, agus is bocht an chomaoin ar lucht scríofa na ndrécachtaí seo ainm an eagarthóra a bheith i mbarr gach re leathanach dá gcuid saothair.

Is suntasaí an méid nach bhfuil san áireamh seo ná an méid atá. Níl tada anseo den iriseoireacht spéisíúil a foilsíodh ar *An t-Éireannach*, *An Branar*, *Amárach*, *An Stoc*, *Inniu*, cé go bhfuil roinnt mhaith as *An Claidheamh Soluis/Fáinne an Lae* — nuachtán ab ábhar taighde do leabhar deireanach Uí Chollatáin.

Tarraingíonn sí as an *Irish Times*, ach déanann sí leithcheal ar cholúin Ghaeilge *Scéala Éireann* agus an *Irish Independent*.

Is aisteach an cinneadh aici gan aon cheo le sáiriseoirí Liam P Ó Riain, Piaras Béaslaí ná Pádraic Ó Conaire a ligean isteach.

Deirtear i gcás Uí Chonaire go bhfuil a chuid scríbhinní cnuasaithe cheana. Is mór díobh nach bhfuil, ar ndóigh, ach tá athchló ar an-chuid scríbhinní eile anseo.

Tá alt le Myles na gCopaleen anseo atá i gcló

in *The Best of Myles*, tá aiste Mháire le fáil in *Pádraic Ó Conaire: Clocha ar a Charn*, agus gheobhfar dreachtaí Mháirtín Uí Chadhain in *Caiscín* agus (más go neamhiomlán féin é) in *Caithfeadh Éisteacht!*

Ach ní hé sin an chuid is measa de. Tagraíonn ‘Caiscín’ Uí Chadhain do “gach tonn aesthetice dá mbíonn ag tónacán timpeall”.

Athraítear “tónacán” go dtí “longadán” anseo ar chúis éicint, agus in ionad “tonn aesthetice” bronnar “lonn-aestéitice” orainn, leis an míniú “impetuous aesthete”!

Tá paragraf iomlán ar iarraidh ar fad ó aiste Uí Chadhain ar *Cúirt an Mheán Oíche*, an giota is cáiliúla di ina moltar Gaeilge Merriman.

Scríobh Ó Cadhain: “ní chuimhneodh file ar bith leis an léann is léar ar Mherriman tosú ag cuma dán mar seo”.

Ach níl aon chiall le leagan Uí Chollatáin de: “ní chuimhneofaí file ar bith leis an léann is léir ar Mherriman ag tosú ar chumadh dán mar seo”.

Ar an gCadhach is mó meolas féin dá bhfuil le fáil anseo, agus d’fhéadfadh tuilleadh dá samhail a bheith i dtéacsanna eile.

Ní féidir leabhar a chur in eagar gan corrdhearmad beag sleamhnú tríd, ar ndóigh, ach tá míchruinneas tugtha isteach anseo nach féidir glacadh leis.

Ba chóir go mba é an chloch is mó ar fad ar

phaidrín eagarthóra téacs dílis muineach a chur ar fáil.

An chaoi a ndeachaigh cuid den Ghaeilge ó thuiscint uirthi is cúis le sciar de, is léir.

Nuair a thugann Ó Cadhain “meanmnach meidhreach an chine” ar Merriman, tá meanmnach ina ainmfhocal — ach nuair a chuirtear camóg ina dhiaidh anseo amháil is dá mb’aidiacht é, fágfar an abairt gan aon bhrí.

Scaití, cuireann na gluaiseanna ar strae thú, agus ciall fhoclóir Uí Dhónaill dá haithris go lom seachas ciall an chomhthéacs áirid a mhíniú.

Ní “act of breathing” atá i gceist le “tinfeadh” in aiste ar an bhfilíocht, ach inspioráid.

Nuair a thioctas léitheoirí ar an bhfocal “fréamha”, is beag an chabhair a rá leo gur “derivative” agus “radical” araon is ciall leis anseo!

Agus ní “indefinable” ach a mhalairt ghlan is brí le “insonraithe”.

Is ceist le haghaidh comórtas nuachtáin é céard a bhí in aigne an eagarthóra nuair a scríobh sí go raibh “caingean fhísiciúil na sláinte” ar Sheán Ó Ríordáin — mura raibh sé ag lorg cúitimh sna cúirteanna...?

Rangaítear an iriseoireacht i sé roinn, ach go minic ní léir cén bunús atá leis an rangú.

Ailt ag plé leis an litríocht i gcoitinne, roinntear go saorga iad idir próis, filíocht agus drámaíocht.

Tá aistí nach nochtar aon tuairimí iontu áirithe mar aistí tuairimíochta.

Bheadh súil agat go dtabharfadh ‘Guth na mBan’ samplaí den mhéid a scríobhadh i nGaeilge i dtaobh saol is saoirse na mban, ach níl ann ach dréachtaí ar tharla do mhná iad a scríobh.

Cé go bhfuil léargais thorthúla fheimineacha ar an litríocht tugtha le glúin nó dhó, níl rian díobh anseo ach aiste ag easaontú leo.

Luann alt amháin gearán léitheora faoi nuachtán Gaeilge nár thuairiscigh trodaíocht Chogadh na Saoirse: “Níl aon mharú air seo”. Ar an drochuair dó, níl aon mharú ar an leabhar seo ach oiread.

Ní bheadh a fhios agat agus tú dá léamh gur cuireadh cathanna fíochmhara i rith an fhíchiú céad faoi rialú na tíre seo, gur tharla cogai móra agus réabhlóidí ar fud an domhain, ná go raibh lucht na Gaeilge ag scríobh mar gheall orthu lena linn.

Tá poll an-mhór ar dhíolaím iriseoireachta a n-éiríonn léi neamshuim a dhéanamh dár scríobhadh ar imeachtaí comhaimseartha an tsaol.

Ach is maith an scéal go bhfuil cúpla rud maith le n-aimsíú i measc na leathanach seo. Faoi dheireadh is faoi dheoidh, tá dhá shampla de cholún Uí Ríordáin le fáil i leabhar, agus is é a laghad a locht.

## IRISEOIRÍ PINN NA GAELIGE

An cholúnaíocht liteartha: critic iriseoireachta

Regina Uí Chollatáin



Is fiú dearcadh Bhreandáin Uí Eithir ar an gcolúnaíocht, tuairim Mháirtín Uí Dhíreáin ar an bhfilíocht, tuiscint Bhreandáin Uí Dhoibhlin ar an léirmheastóireacht a léamh.

Tá an leabhar dírithe ar mhic léinn iriseoireachta, is cosúil, agus tagairtí moltacha ann do dhaoine atá i mbun cúrsaí dá leithéid.

Ba mhaith an rud do mhic léinn, agus dóibh siúd a thagann isteach ar an gceird ar an mbealach traidisiúnta neamhacadúil, léitheoir iriseoireachta a bheith acu.

Cé go maíonn Uí Chollatáin gur “bunchloch an taighde a bheidh le tabhairt faoi amach anseo atá sa

saothar seo”, tá an iomarca easnamh air leis an ngnó sin a dhéanamh.

Tá a leithéid de dhíth orainn, áfach. Is cúinge leimhe iriseoireacht chlóite na Gaeilge anois ná am ar bith le dhá scór bliain ar a laghad.

Tá go leor de na hiriseoirí is dúshlánaí ag gabháil i muinín na craoltóireachta agus an idirlín.

Ach níl deireadh le ré an chló fós, agus níor mhiste an cumas a bhíodh sna colúin a mheabhrú dúinn féin.

Regina Uí Chollatáin  
*Iriseoirí pinn na Gaeilge.*  
An cholúnaíocht liteartha:  
critic iriseoireachta  
Cois Life, 405 lch, €20



Cibé daoine a dúirt nach raibh baint ag an spórt leis an pholaitíocht níor thuig siad cad is spórt ann an chéad lá.

Agus níl ócáid spóirt a raibh tosú níos polaitiúla ná ‘an Rás’, atá á réachtáil ar fud na tíre an tseachtain seo.

Is beag duine a bheadh ar an eolas faoin ghné seo den rothaíocht in Éirinn seachas an leabhar gleoite a scríobh Tom Daly, *The Rás: The Story of Ireland's Unique Bike Race* (The Collins Press, 2003).

Le teacht na críochdheighilte sna fichidí thosaigh na húdarais idirnáisiúnta spóirt a aithint na gcumann spóirt a bhain

go dlúth leis an réimeas nua. Bhí cumann rothaíochta ó thuaidh agus bhí ceann eile le bheith ann ó dheas.

Ní raibh cead ag eagrais uile-Éireann páirt a ghlacadh i gcomórtais idirnáisiúnta, rud nár thaitin le rothaithe poblachtacha thuaidh ná theas.

De thairbhe nach raibh cead acu rothaíocht a dhéanamh ar son na tíre chuir siad Cumann Náisiúnta Rothaíochta ar bun a thabharfadh dúshlán do Chumann Rothaíochta na hÉireann, dream a bheadh teoranta do na sé chontae is fiche.

Ba sa bhliain 1953 a cuireadh tús le Rás Tailteann

agus d’fhás sé i rith an ama.

Ag an am bhí baint láidir ag cuid de na heagraithe leis na hÓglaigh a bhí ag iarraidh éirí amach a chur chun cinn.

Daoine amháil Joe Christle bhí siad chun tosaigh sa dá dhream.

Mar a léiríonn Tom Daly sa leabhar bhí ceannaire an Chumainn Náisiúnta sásta an Rás a úsáid le brú a chur ar na póilíní ó thuaidh agus le cás na náisiúnach ann a phoibliú.

Agus iad ag iarraidh stádas idirnáisiúnta ‘An Rás’ a thógáil fuair na heagraithe amach gur deacair dul i gcoinne na rialacha a bhí leagtha amach ag na cumainn idirnáisiúnta agus eagraithe na gCluichí Oilimpeacha.

Duine ar bith a sheas leis an Chumann Náisiúnta Rothaíochta ní raibh cead aige dul isteach i gcomórtas eile ar son na hÉireann. Praghas measartha mór do dhuine ar bith a raibh cumas ann agus uailmhian aige.

Agus cé gur bhris roinnt rothaithe ar shiúl le Cumann Rothaíochta na hÉireann a bhunú, d’fhan an chuid is mó acu dílis. An dúshlán a bhí roimh na heagraithe, mar sin, comórtas fiúntach a chur ar fáil.

Dream amháin nach raibh drogall orthu cuidiú leo tíortha Cumannacha an Oirthir agus ba mhínic réalta móra ón Rúis nó ón Bhulgáir i láthair.

Is spéisíúil amach i stair na hÉireann an dlúthbhaint a bhí idir lucht na rothar agus na daoine a bhí ag iarraidh réabhlóid a thosú in Éirinn, idir réabhlóid chultúrtha agus réabhlóid pholaitiúil.

Is beag rian de na seanlaethanta atá fágtha sa dream a eagraíonn an Rás na laethanta seo ach tá an spiorad náisiúnta fós in uachtar.

Is dócha go mothóidh Barca mar an gcéanna agus iad ag dul amach i gcoinne Man Utd an tseachtain seo chugainn i Sraithchomórtas Sheaimpíní na hEorpa.

Seans go mbeidh siad lán muiníne i ndiaidh dóibh ‘el Clásico’ a bhaint cúpla

seachtain ó shin, i gcoinne na sean-namhad, Réal Madrid, an fhoireann a bhí ceangailte le Franco le linn a réimis.

Ciarán Ó Pronntaigh

